An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-2024




UCD DUBLIN

RISING TO THE FUTURE
UCD Strategy 2020-2024

# CLÁR ÁBHAIR


01 RÉAMHRÁ

02 RÉAMHEOLAS

04 CUSPÓIRÍ

08 CUMASÓIRÍ

10 FORLÉARGAS AR AN STRAITÉIS

11 FORFHEIDHMIÚ

12 GNÓTHACHTÁLACHA

# RÉAMHRÁ



## A Chomhghleacaithe agus a Chomhpháirtithe UCD,


**Tá an rannpháirtíocht dhomhanda ar cheann de shaintréithe UCD agus an-rath bainte amach aige sa réimse sin. Tá sé mar dhlúthchuid de shaol iomlán na hOllscoile, ag múnlú eispéireas na mac léinn, na gcomhaltaí teagaisc agus na foirne, agus cuireann sé le léargas domhanda phobal UCD.**

Rinneadh go leor dul chun cinn sa chéad Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda (2016-2020) a bhí againn. Chabhraigh na forbairtí seo le hé a chur ar cumas ball de phobal éagsúil UCD a gcuid mianta comhpháirteachais dhomhanda a bhaint amach.

Chuir COVID-19 isteach ar ár ngníomhaíochtaí comhpháirteachais dhomhanda, ach bhíomar ábalta ag na dúshláin seo agus d'éirigh linn roinnt de na baic a chur sé romhainn a shárú. Chuireamar réitigh nuálacha le chéile chun nascadh lenár gcomhpháirtithe thar lear, na mic léinn agus alumni, agus chruthaíomar deiseanna dár bpobal taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí domhanda nuair nach raibh an saol ag taisteal.

Leanfar sa dara leagan den Straitéis ag forbairt ár gcuid comhghnóthachtálacha. Díreofar ann ar dhá phríomhchuspóir; *Eispéireas Domhanda do Chách* a bhaint amach ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos *Tionchar Domhanda UCD* a chur ar taispeáint, ag tarraingt ar thraidisiún láidir náisiúnta na Scéalaíochta.

Leis an tiomantas paiseanta a léiríonn tusa, ár gcomhghleacaithe agus ár gcomhpháirtithe, oibreoimid le chéile chun mianta phobal iomlán UCD a bhaint amach.



**An tOllamh Dolores O'Riordan**
**An Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda**

# RÉAMHEOLAS 01



**Príomhchuspóir de chuid straitéis UCD 'Rising to the Future' ná 'bheith comhpháirteach i slí dhomhanda'. Agus é mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, is é tiomantas UCD 'an chuid is fearr den domhan [a thabhairt] go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúir éagsúla san áireamh, [a thabhairt] go dtí an domhan'. Leagtar amach sa Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda na príomhchuspóirí agus na cumasóirí chun an fhís seo a bhaint amach.**

Tá príomhluachanna na hOllscoile, barr feabhais, éagsúlacht, ionracas, coláistíocht, comhpháirteachas agus cruthaitheacht, ag croílár na Straitéise. Stiúrann na luachanna seo an rannpháirtíocht dhomhanda agus na mianta atá againn do phobal iomlán UCD ionas go mbeimid in ann oibriú i dtimpeallacht imeasctha ilchultúrtha.

Beidh saoirse acadúil agus an nuálaíocht ina bprionsabail threoracha don Straitéis agus úsáidfear an nuatheicneolaíocht chun é seo a sheachadadh. Cuirfimid cultúr institiúideach chun cinn i measc an phobail, cultúr a bhfuil meas aige ar rannpháirtíocht ár bpobail maidir le ceisteanna domhanda, agus cultúr a aithníonn na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag mic léinn, alumni, comhaltaí teagaisc agus an fhoireann chun rannpháirtíocht dhomhanda a chur chun cinn.

Leagtar amach sa Straitéis an mhian atá ann deiseanna a chur ar fáil go mbeadh fíorthaithí dhomhanda ar fáil do chách in UCD. Beidh forbairt ar scileanna agus ar chumas domhanda i measc an phobail ina sprioc phríomha. Táimid tiomanta do thimpeallacht ilchultúrtha a chothú, agus cuirfimid ar chumas na mac léinn, na gcomhaltaí teagaisc agus na foirne, tuiscint níos doimhne a fháil ar an domhan, leis an léann agus le heispéiris in Éirinn agus thar lear.

Tuigimid nach mbíonn an taisteal idirnáisiúnta d'acmhainn ag roinnt daoine i bpobal UCD, de bharr cúrsaí airgid nó ar chúiseanna eile, agus déanfaimid ár ndícheall na baic seo a bhaint. Tabharfar cleachtais nuálacha isteach chun roghanna fíorúla, in ionad eispéireas thar lear, a dhearadh, rud a dhéanfaidh níos inrochtana é agus a laghdóidh tionchar an taistil ar an gcomhshaol. Beidh an deis ag na mic léinn scileanna nua a fháil, atá ag teastáil chun bheith ag obair sa saol domhandaithe, buíochas le nuálaíocht an churaclaim agus le dea-chleachtas maidir leis an oideachas domhanda a thabhairt isteach.



Tá oidhreacht shaibhir ilghnéitheach ag UCD agus chuir sé go mór le hÉirinn an lae inniu a mhúnlú; d'fhéadfaí a mhaíomh gurb ionann scéal UCD agus scéal Éire an lae inniu. Dlúthchuid den Straitéis seo ná 'ár scéal a insint', rud a dhaingnóidh carachtar agus oidhreacht institiúideach UCD, an stádas reatha atá againn mar 'Ollscoil Dhomhanda na hÉireann' agus na mianta atá againn don tionchar domhanda amach anseo. Tá UCD suite i spás uathúil ina dtagann Éire agus an domhan le chéile agus iad 'ag féachaint amach agus isteach' ar a chéile.

Tógtar ar an mbunús seo sa Straitéis; Ollscoil a mbaineann cultúr na hÉireann go dlúth léi agus a bhfuil níos mó mac léinn idirnáisiúnta aici ná mar a bhfuil in aon institiúid ardoideachais eile in Éirinn agus é mar aidhm an ollscoil a dhéanamh i bhfad níos ilchultúrtha agus níos éagsúla. Tarraingeofar sa Straitéis, a mbeidh luachanna ag a croílár, ar oidhreacht Scéalaíochta na hÉireann chun insint chuimsitheach a bhaineann le scéal domhanda UCD san am atá caite, san am i láthair agus san am atá amach romhainn a chur i láthair.

An aidhm atá leis an insint seo ná tionchar domhanda oideachas, taighde agus nuálaíocht UCD a mhéadú chun daoine a chumasú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna na sochaí. Méadóimid ár stádas mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, agus ár ngnóthachtáil dhomhanda á léiriú agus á ceiliúradh againn.

Agus an chuid is fearr den domhan a thabhairt go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn a thabhairt don domhan, déanfaidh UCD iarracht tarraingt ar chultúr saintréitheach na hÉireann agus gach gné den Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-2024 á gcur i bhfeidhm.

# CUSPÓIRÍ 02



## CUSPÓIR 1: EISPÉIREAS DOMHANDA DO CHÁCH

Is é aidhm UCD scileanna agus cumas domhanda an phobail iomláin a fhorbairt. Táimid tiomanta do thimpeallacht atá ionchuimsitheach, imeasctha agus ilchultúrtha a chothú, agus a chur ar chumas na mac léinn, na gcomhaltaí teagaisc agus na foirne, tuiscint níos doimhne a fháil ar an domhan, leis an léann nó le heispéiris in Éirinn agus thar lear.

## TOSAÍOCHTAÍ

1. **Timpeallacht imeasctha ilchultúrtha agus saoránacht dhomhanda a chothú**

   Tacaíonn Straitéis UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le misean UCD a bheith ina phobal cothrom, éagsúil agus ionchuimsitheach. Cuirfimid le gníomhaíochtaí na Straitéise um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus leis an gcreat 'Ollscoil do Chách' agus tionscnaimh á bhforbairt againn, chun timpeallacht imeasctha ionchuimsitheach ilchultúrtha a chothú in UCD. Beidh meas againn ar éagsúlacht agus cothóimid an éagsúlacht i measc na mac léinn, na gcomhaltaí teagaisc agus na foirne i sprid na saoránachta domhanda.

2. **Cumas a neartú maidir le sibhialtachtaí agus teangacha domhanda, agus dul i ngleic le dúshláin na sochaí**

   An mhian atá againn mar phobal ná ár 'gcumas domhanda' a neartú, rud a chuirfidh le cumas UCD freagra a thabhairt ar theagmhais dhomhanda. Teastaíonn tuiscint ar ár sibhialtacht féin agus ar shibhialtachtaí eile chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear féiniúlachtaí cultúrtha, stair agus córais

### Comhar Taighde

**Is maith an sampla é an caidreamh idir UCD agus University of California at Davis den chomhpháirtíocht a fhorbraítear go nádúrtha le go leor nasc, comhpháirtíocht a théann siar go dtí an Ollamh John E. Kinsella, céimí de chuid Scoil na Talmhaíochta UCD agus Déan Choláiste na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chomhshaoil ag UC Davis. Bhí mé féin i mo thaighdeoir iardhochtúireachta ag UC Davis idir 2010 agus 2012, agus tá an t-ádh orm go bhfuair mé an tacaíocht chun an caidreamh sin le mo chomhghleacaithe a chothú le comhair éagsúla. Ina measc seo bhí foilseacháin comhúdar, teagasc ag UC Davis le deontas malartaithe teagaisc de chuid Erasmus+, agus forbairt chlár intéirneachta na mac léinn lena dtéann idir triúr agus ceathrar mac léinn ó Chothú Daonna UCD go UC Davis gach bliain chun taithí oibre gairmiúla a dhéanamh. Leanfaimid orainn ag cur lenár gcomhoibriú institiúideach agus cruthóimid deiseanna nua do mhic léinn UCD chun oibriú agus forbairt ag UC Davis.**

**An Dr Aifric O'Sullivan, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe**





shóisialta, córais eacnamaíocha agus córais pholaitiúla. Ní mór go mbeadh sé ar ár gcumas freisin teangacha iasachta a labhairt agus a thuiscint, agus a bheith in ann smaoineamh leis na teangacha sin. Leagann 'cumas domhanda' béim ar an ngá atá ann machnamh criticiúil a chur chun cinn maidir le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, inmharthanacht an phláinéid, sláinte agus folláine, maireachtáil uirbeach, srl. Tá an ghníomhaíocht léannta agus taighde ag UCD chun tacú le forbairt an chumais seo. Agus é ag teacht leis na ceithre phríomhthéama straitéiseacha atá ag UCD, an fócas réigiúnach atá sa Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda agus an Straitéis Náisiúnta um Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026, éascóidh UCD forbairt an chumais dhomhanda a theastaíonn dá phobal.

**3. Mic léinn, comhaltaí teagaisc agus an fhoireann a chumasú agus a spreagadh chun taithí dhomhanda a fháil in Éirinn agus thar lear**

Sonróidh UCD na bealaí éagsúla atá ann lenar féidir le mic léinn, leis na comhaltaí teagaisc agus leis an bhfoireann taithí dhomhanda a fháil ar an gcampas, thar lear nó go fíorúil. Cuirfear na deiseanna don taithí seo ar fáil le creatlacha acadúla agus riaracháin ábhartha agus cuirfear chun cinn iad go héifeachtach laistigh den ollscoil. Spreagfaidh UCD rannpháirtíocht in eispéiris thar lear agus treiseoidh sé forbairt eispéireas fíorúil agus cinn eile ar an gcampas do na mic léinn, do chomhaltaí teagaisc agus don fhoireann nach féidir leo taisteal, nó nach mian leo taisteal. Leanfaimid orainn ag tacú le mic léinn a mbíonn dúshláin sa bhreis rompu maidir le staidéar thar lear. Tá UCD tiomanta d'obair dheonach fhreagrach eiticiúil a chur chun cinn le Saorálaithe COBÁC Thar Lear.

**4. Oideachas agus léann domhanda a chur chun cinn**

Cuirfimid oideachas agus léann domhanda chun cinn dár mic léinn, rud a thabharfaidh deiseanna dóibh a chur ar a gcumas bheith ina gcónaí, ag obair nó ag staidéar i dtír eile agus cur go fiúntach leis an saol domhandaithe. Ag tógáil ar an dea-chleachtas a bhaineann leis an gcuraclam a idirnáisiúnú, cuirfear deiseanna do nuálaíocht curaclaim chun cinn agus cuirfear i bhfeidhm iad, lena n-áirítear comharfhoghlaim ar líne le hollscoileanna comhpháirteacha.

## Soghluaisteacht Creidiúna Idirnáisiúnta Erasmus+

**In 2017, chuir na hOllúna Kathleen James Chakraborty agus Parul Mukerjee comhpháirtíocht soghluaisteachta ICM Erasmus+ ar bun idir Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD agus Scoil na nEalaíon agus na hAeistéitice in Jawaharlal Nehru University. Bhí sé seo ar cheann de na comhair is iontaí a bhí sa Scoil, agus thug an tOllamh Naman Ahuja cuairt orainn, rud a spreag comhdháil maidir le déantúsáin mhúsaeim a dhíchoilíniú. Chuaigh mé go Deilí Nua i mí Feabhra 2020 chun teagaisc agus chun páirt a ghlacadh sa chomhdháil seo agus chun deiseanna malartaithe a phlé maidir leis an MA i mBailiúcháin agus Coimeád Taispeántais atá againn. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh bheirt mhac léinn JNU sular tháinig paindéim COVID 19 agus leanfaimid lenár malartuithe mac léinn agus foirne chomh luath agus is féidir. Tá féidearthachtaí nua i ndiaidh teacht as an taithí agus na ceangail a rinneamar mar gheall ar an gcomhpháirtíocht iontach seo. Tá féidearthachtaí ann don chomhar breise le Thapar University in Patiala, agus táimid ag súil le filleadh air amach anseo.**

**An tOllamh Lynda Mulvin, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha**



# CUSPÓIRÍ 02



## CUSPÓIR 2: TIONCHAR DOMHANDA

Cuirfidh UCD a aimsiú agus tionchar domhanda sa teagasc, taighde agus nuálaíocht ar taispeáint go héifeachtach. Agus bealaí nua á n-aimsiú chun ár scéal domhanda a insint, tógfaidh an ollscoil ar an bhfeiceálacht, tionchar agus cáil atá aici. Leanfaidh UCD lena líonra fairsing domhanda agus a phobal alumni a chothú, agus tacaíocht á lorg aige le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteachais dhomhanda. Aithneoimid deiseanna spriocdhírithe chun ár dtionchar domhanda a fheabhsú trína bheith ag obair lenár gcomhpháirtíochtaí agus ár gcomhair.

### TOSAÍOCHTAÍ

1. **Ár scéal domhanda a insint agus aimsiú agus tionchar domhanda UCD á gcur ar taispeáint**

   Cuirfidh UCD eolas, sonraí agus scéalta le chéile a léiríonn a rath domhanda agus cuirfidh sé i láthair pobal éagsúil iad. Iarrfar teistiméireachtaí ar chomhpháirtithe agus comhoibrithe thar lear agus cuirfidh UCD oiliúint ar chomhaltaí teagaisc agus ar an bhfoireann maidir le ceird na scéalaíochta chun an tionchar is mó a chinntiú.

2. **Ár straitéis um chumarsáid dhomhanda agus aimsiú a chur chun cinn chun cur le feiceálacht UCD, rud a leagfaidh béim ar chultúr na hÉireann agus a chuirfidh lenár gcáil idirnáisiúnta**

   Tá UCD gníomhach ar gach ilchríoch agus é rannpháirteach maidir leis an bhfor-rochtain le pobail i bhfad ó Bhaile Átha Cliath agus ó Éirinn. Agus an tuiscint aige go mbraitheann feiceálacht UCD i bpáirt ar fheasacht ar Éirinn, a cultúr uathúil agus Éire an lae inniu, cuirfidh UCD a straitéis cumarsáide domhanda chun cinn agus é ag díriú ar phríomhréigiúin gheografacha UCD maidir le fócas straitéiseach. Cuirfear béim ar chultúr na hÉireann mar dhifreálaí uathúil. Cuirfimid a bhfuil déanta ag UCD do chultúr na hÉireann in iúl agus cuirfimid deiseanna chun taithí a fháil ar shaibhreas cheol, litríocht, teanga agus damhsa na hÉireann ar fáil. Cuirfear tionchar ár dteagaisc, ár dtaighde agus ár nuálaíochta ag an leibhéal domhanda in iúl.

---

### Comhpháirtíochtaí

**Is comhpháirtithe iad BJUT agus UCD le fada an lá agus an chomhfhís acu a dhíríonn ar an rannpháirtíocht dhomhanda, taighde den scoth agus oideachas ardchaighdeáin. Thosaigh ár gcomhpháirtíocht le hoideachas fochéimithe don chuid is mó ach tá comhar níos cuimsithí ann anois a chuimsíonn malartuithe na gcomhaltaí teagaisc, comhghníomhaíochtaí taighde agus comh-stiúradh mac léinn PhD. Creidim go leanfar lenár gcomhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt buíochas leis an tacaíocht iontach agus ceannasaíocht láidir ón dá thaobh!**

**An tOllamh Guo Fu, Leasuachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta Bhéising**

BEIJING UNIVERSITY OF TECHNOLOGY
北京工业大学
1960



3. **Deiseanna comhthairbheacha a aithint agus a chumasú chun an teagasc, an taighde agus an nuálaíocht a chur chun cinn le comhpháirtithe agus comhoibrithe domhanda UCD**

   Tá cur chuige soiléir maidir le comhpháirtíochtaí domhanda forbartha ag UCD leis an Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2016-2020, agus déanfaidh sé iarracht na comhpháirtithe seo a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt do theagasc, taighde agus nuálaíocht san am amach romhainn. Déanfar iarracht deiseanna chun comhoibriú ar réiteach fadhbanna domhanda a aimsiú, le líonraí ollscoileanna agus le tacaíocht ó thionscnaimh mhaoinithe.

4. **Líonra domhanda agus pobal alumni UCD a chothú chun tacaíocht a thabhairt dá Rannpháirtíocht Dhomhanda**

   Oibreoidh UCD lena alumni agus le lucht tacaíochta ar fud an domhain chun a spriocanna domhanda maidir le teagasc, taighde agus nuálaíocht a bhaint amach. Forbróidh sé caidreamh níos doimhne le Rialtas na hÉireann agus le comhlachtaí náisiúnta eile chun tacú leis an rannpháirtíocht dhomhanda, agus rachaidh sé i mbun plé le hambasáidí agus gníomhaireachtaí tíortha eile, chomh maith le gnólachtaí agus an tionscal, chun deiseanna nua a chinntiú do mhic léinn, do chomhaltaí teagaisc agus don fhoireann.

## Soghluaisteacht Mac Léinn Erasmus+

**Chuaigh mise ar mhalartú Erasmus+ go dtí École Polytechnique Fédérale de Lausanne in 2019/20. Thug an taithí chultúrtha a bhí agam in Eilvéis na Fraincise spreagadh dom, chomh maith leis an deis chun mo chuid scileanna teanga a fheabhsú. Bhí an chuma air go mbeadh deiseanna iontacha agam aithne a chur ar dhaoine nua agus mé ag dul in oiriúint do chathair nua agus ag déanamh staidéir in ollscoil dhifriúil. Chabhraigh sé liom labhairt le mic léinn eile de chuid UCD a rinne malartú, toisc go raibh a fhios agam go mbeadh dea-struchtúir tacaíochta acadúla agus athlonnaithe ann, ag UCD agus an óst-institiúid.**

**Bhí an chuid den mhalartú a bhain leis an teanga tábhachtach dom agus mhothaigh mé gur tháinig feabhas ar mo chuid scileanna Fraincise de bharr an chleachtaidh laethúil. Is iontach an deis é an malartú chun tú féin a thumadh isteach i dteanga eile, i do ghnáthshaol agus le do chuid oibre cúrsa. Baineann sé seo go dlúth leis an bhforbairt ghairmiúil toisc go dtugtar deiseanna nua duit don staidéar agus don ghairm de bharr na bhfocal teicniúil nua a fhaigheann tú, a bhaineann le do réimse staidéir.**

**Chabhraigh sé liom mo chumas idirchultúrtha a fhorbairt agus mé ag cur aithne ar mhic léinn mhalairte ó gach cearn den domhan. Ba as an tSín, an Fhrainc, an tSeapáin agus Lucsamburg mo chomrádaithe seomra agus dá bharr sin fuair mé léargas ar go leor cultúr dinimiciúil. Tháinig mé abhaile agus i bhfad níos mó muiníne agam as an gcumas a bhí agam labhairt le daoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla agus mholfainn é seo mar chúis thábhachtach chun smaoineamh ar mhalartú a dhéanamh.**

**Eoin Faust, BSc san Innealtóireacht**







# CUMASÓIRÍ 03

## 1. Níos mó mac léinn idirnáisiúnta a mhealladh agus a fhorbairt chun éagsúlacht agus barr feabhais phobal UCD a chur chun cinn a fheabhsú.

Déanfar iarracht comhbheartaithe chun mic léinn idirnáisiúnta a earcú i gcláir a bhfuil an-tóir orthu i measc mac léinn agus fostóirí, rud a thagann leis an aidhm atá ag UCD líon iomlán na mac léinn a mhéadú faoi 25% thar na chéad deich mbliana eile. Tá UCD tiomanta d'éagsúlacht chultúrtha na mac léinn a fheabhsú agus mic léinn ardchaighdeáin a mhealladh.

## 2. Comhpháirtíochtaí domhanda UCD a dhoimhniú agus a leathnú agus córais chun tacú leis an ngníomhaíocht seo a fheabhsú

D'fhorbair UCD creat láidir um chomhpháirtíocht dhomhanda chun comhpháirtíochtaí le linn straitéis 2016-2020 a aithint, a fhorbairt agus a bhainistiú. Tógfaimid ar na comhpháirtíochtaí seo agus déanfaimid iad a bheachtú, agus sineirgí le comhpháirtithe á n-aithint againn chun ár Straitéis a sholáthar, agus déanfaimid iarracht ár gcomhpháirtíochtaí a leathnú nuair is gá, nó nuair a bhíonn an deis ann. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar oideachas trasnáisiúnta i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chun tacaíocht a thabhairt dár bpobal domhanda foghlaimeoirí, agus é a leathnú, agus chun tionchar ár ngníomhaíochtaí taighde a léiriú. Díreofar fós ar mhaoiniú Erasmus+ chun comhpháirteachas fadtéarmach a choinneáil, ag tógáil ar ár dteist mhaith go dtí seo maidir le maoiniú a fháil.





## 3. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbonneagar, na córais agus na próisis chun tacaíocht a thabhairt don Rannpháirtíocht Dhomhanda

Leanfaimid le timpeallacht chumasaithe a fhorbairt agus a mhionchoigeartú le haghaidh gníomhaíochtaí domhanda UCD, lena socrófar dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tabharfar tús áite do phróisis a fheabhsú leis an digitiú, go háirithe chun tacú le tionscnaimh shoghluaisteachta. Beidh tuilleadh infheistithe ag teastáil chun freastal ar líon méadaithe na mac léinn idirnáisiúnta agus a bhfoirne tacaíochta agus chun tacú leo. Teastaíonn tacaíocht agus comhoibriú ó go leor réimsí UCD chun an Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda a sheachadadh. Príomhchumasóir ná comhoibriú phobal iomlán UCD a spreagadh, a dhreasú agus a chinntiú maidir le rannpháirtíocht dhomhanda.

## 4. Díriú ar réigiúin áirithe dhomhanda a mbaineann tábhacht straitéiseach leo

Tá gníomhaíocht agus comhpháirteachas forbartha ag UCD a bhaineann leis an teagasc, taighde agus for-rochtain le tíortha agus réigiúin ar fud an domhain. Leanfaimid orainn lenár ngníomhaíochtaí chun pobal éagsúil ilchultúrtha a chinntiú. Agus é ag tacú le gníomhaíochtaí agus comhpháirteachas suntasach i bpríomhréigiúin an domhain, rinne UCD Lárionaid Dhomhanda a chur ar bun i gcúig réigiún lena mbaineann tábhacht straitéiseach dá rannpháirtíocht dhomhanda - is moil iad Lárionaid Dhomhanda UCD um ghníomhaíochtaí UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áise Theas, san Aigéan Ciúin agus an Áise agus sa Mheánoirthear. Lasmuigh de na réigiúin seo tá an-bhaint ag UCD leis an Eoraip agus láithreacht atá ag fás san Afraic agus i Meiriceá Laidineach. Cé go bhfuil an éagsúlacht mhéadaithe ag croílár na Straitéise seo, déanfaimid iarracht sainghníomhaíochtaí a dhíriú in áiteanna geografacha faoi leith. Déanfaimid measúnú ar raon chomhpháirteachas UCD ar fud na réigiún ionas go ndíreofar ar réigiúin agus ar ghníomhaíochtaí, a mbaineann tús áite leo, réigiúin agus gníomhaíochtaí lena mbaineann deiseanna do thionchar suntasach sóisialta. Tá UCD tiomanta d'aird níos mó a dhíriú ar an Eoraip le linn na Straitéise seo.





# FORLÉARGAS AR AN STRAITÉIS 04

| MIANTA An mhian atá againn ná.... | GNÍOMHARTHA Déanfaimid.... | GNÓTHACHTÁLACHA Faoi 2024... |
|---|---|---|
| **Eispéireas Domhanda do Chách** | • Timpeallacht ionchuimsitheach imeasctha ilchultúrtha agus saoránacht dhomhanda a chothú<br>• Cumas a neartú maidir le sibhialtachtaí agus teangacha domhanda, agus dul i ngleic le dúshláin na sochaí<br>• Mic léinn, comhaltaí teagaisc agus an fhoireann a chumasú agus a spreagadh chun taithí dhomhanda a fháil in Éirinn agus thar lear, agus béim faoi leith ar an tsoghluaisteacht<br>• Oideachas agus léann domhanda a chur chun cinn | • Beidh dea-chleachtas i bhfeidhm agus á úsáid maidir lenár gcuraclaim a idirnáisiúnú<br>• Beidh níos mó mac léinn idirnáisiúnta ann, rud a chuirfidh le héagsúlacht agus barr feabhais phobal UCD<br>• Beidh pobal imeasctha ilchultúrtha ann, ina mhothóidh comhaltaí teagaisc, an fhoireann agus na mic léinn go bhfuil siad go hiomlán mar chuid de thimpeallacht ionchuimsitheach<br>• Beidh deiseanna tugtha againn do chomhaltaí teagaisc, don fhoireann agus do mhic léinn scileanna a fhorbairt chun staidéar agus obair a dhéanamh i sochaí dhomhanda, agus chun cur léi |
| **Tionchar Domhanda** | • Ár scéal domhanda a insint agus aimsiú agus tionchar domhanda UCD á gcur ar taispeáint<br>• Ár gcumarsáid dhomhanda agus straitéis for-rochtana a chur chun cinn chun feiceálacht UCD a chur chun cinn agus cáil idirnáisiúnta a fhorbairt<br>• Deiseanna comhthairbheacha a aithint agus a chumasú chun an teagasc, an taighde agus an nuálaíocht a chur chun cinn le comhpháirtithe agus comhoibrithe domhanda UCD<br>• Líonra domhanda agus pobal alumni UCD a chothú chun tacaíocht a thabhairt dá Rannpháirtíocht Dhomhanda | • Beidh an fhianaise agus an oiliúint curtha ar fáil do chomhaltaí teagaisc agus don fhoireann maidir leis an scéalaíocht chun aimsiú agus tionchar UCD a uasmhéadú i réigiúin áirithe<br>• Beidh straitéis forbartha agus curtha i bhfeidhm againn chun cáil dhomhanda UCD a fheabhsú agus chun béim a chur ar an mbaint atá aige le cultúr na hÉireann<br>• Beidh réitigh comhchruthaithe againn le comhpháirtithe áirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra shóisialta agus beidh nuálaíocht san oideachas domhanda curtha chun cinn againn. |

# FORFHEIDHMIÚ 05



Chun ár Straitéis a bhaint amach, cuirfear plean forfheidhmithe le chéile gach bliain agus é sin ag teacht le próiseas pleanála UCD. Léireofar sa phlean bliantúil roinnt tosaíochtaí a bheidh le cur i gcrích sa bhliain sin, agus gníomhartha, a bheidh níos mionsonraithe ná mar siad sa Straitéis reatha, chomh maith le hamlínte agus daoine freagracha. Déanfar dlúthmhonatóireacht ar an dul chun cinn le linn na bliana agus cuirfear é sin in iúl.

Tá an Straitéis seo á seoladh i dtréimhse thar a bheith athraitheach i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus an domhan ag iarraidh dul i ngleic le paindéim COVID-19. D'fhreagair UCD go solúbtha gasta do COVID-19 chun a ghníomhaíochtaí Comhpháirteachais Dhomhanda a chur i bhfeidhm. Tógfaimid ar na tionscnaimh seo agus tuilleadh teicneolaíochtaí digiteacha á nglacadh chugainn féin chun ár straitéis a chur i bhfeidhm.

Tabharfar aird faoi leith ar dheiseanna a bhaint amach agus ar rioscaí a mhaolú i ndiaidh an Bhreatimeachta. Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht inmheánach agus sheachtrach, agus cuirfimid ár straitéis in oiriúint de réir mar is gá.

Agus ár bpleananna forfheidhmithe á leagadh amach don todhchaí, tógfaimid ar rath Straitéis UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda do 2016-2020, a leagtar amach thíos.





# GNÓTHACHTÁLACHA 06

# STRAITÉIS UM RANNPHÁIRTIOCHT DHOMHANDA 2016-2024

## Cultúr Domhanda ina bhfuil Saol Iomlán UCD cuimsithe

**29%**
mic léinn idirnáisiúnta ar ár gcampais i mBaile Átha Cliath

**€5.25m**
i Maoiniú Soghluaisteachta Erasmus

**300**
imeacht bliantúil i dTolglann Dhomhanda UCD, a athchóiríodh

**136**
tír arb as do na mic léinn

**19%**
de mhéadú ar shoghluaisteacht amach na mac léinn

**506**
duine ag obair go deonach thar lear

**30%**
foireann idirnáisiúnta

**Cuireadh**
Foireann um Eispéiris Dhomhanda ar bun

**8,224**
ag déanamh cúrsaí roghnacha i 14 theanga - ALC

## Cáil Dhomhanda agus Comhpháirtíochtaí

Ollscoil Dhomhanda Uimh. 1 in Éirinn de réir rangaithe (US World News Best Global Universities Ranking)

Níos mó Rannphháirtíochta Alumni

30% d'alumni thar lear
169 tír
42 Craobh

3 Chomhcholáiste Idirnáisiúnta sa tSín, ina bhfuil 2,091 mac léinn cláraithe

5 Lárionad Dhomhanda

560 comhpháirtí gníomhach
61 tír

Cruthaíodh bunachar chomhpháirtíochtaí ROWAN

Baill de CAESAR U21 UNICA WUN


SUBWAY

Oifig an Leas-Uachtaráin um Rannpháirtíocht Dhomhanda
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

vpforglobalengagement@ucd.ie
+353 1 716 1749
www.ucd.ie/globalengagement